

AN TIGHEARNA CRÍONNA.

Tighearna mór talamhan abhí ann fadó agus bhí mac aige agus dubhairt sé leis an mac go raibh sé an ám aige pósadh. “Gabhaidh tú” adeir sé “agus tiúbhraidh tú triúr ban chugam-sa go bhfeice mé cé acab a choinneochas mé. D’imtigh leis ansoin go ndeachaidh sé chomh fada le teach ar cheap sé a raibh bean ann a d’fheilfheadh é. Nuair a tháinig sé isteach ann d’iarr sé ar a h-athair í agus dubhairt an tathair go dtiúbhfhadh sé do í. “Níl mé a dhul dá tabhairt liom indiu chor a’ bith” adeir sé. Caithfidh mé dhul go bhfagh mé triúr a thiubhrfhas mé liom go bhfeicfidh mé cé acab a thaithneodhas le m’athair mar caithfhear é a shású ach ní choinneófar ach ceann acab.” “Níl aon locht ar” adeir a’ fear.

Bhuail leis ansoin go ndeachaidh sé i dteach eile ar cheap sé a raibh dhíol de bhean ann agus d’iarr sé ar a h-athair í Dubhairt a tathair go dtiubhrfhadh. “Níl fhios agam ar b’í a bheas agam chor a’ bith fós” adeir sé. “Dubhairt m’athair liom triúr acab a thabhairt aige go bhfeicfheadh sé cé acab a shasóchadh é agus caithfidh muid é a shású.” “Níl aon locht air” adeir an fear “ní millteanas mór orrthab uilig siubhal ‘un an tighe aige.”

D’imtigh leis ansoin agus chuaidh sé i dteach eile. Nuair a tháinig sé isteach d’innis sé dho fhear a tighe cá raibh sé a dhul. Dubhairt fear a tigh leis go bhfuigheadh sé an bhean. “Níl mé dhul dá tabhairt liom chor a bith indiu” adeir sé. “Tá beirt eile fáighte agam agus caithfidh mé an triúr acab a thabhairt liom amáireach go bhfeice mé cé acab a thaithneóchas le m’athair.” “Ní bheidh le fanacht” adeir sé “ach duine acab.”

D’imtigh leis ansoin ar maidin go dtáinig sé sa teach a raibh an bhean deirneach ann agus thug sé leis í agus shiúbhail duine da muintir amach in éinfheacht leis go ndeachaidh sé sa teach a raibh an bhean eile ann agus thug sé leis an bhean eile agus tuille dá muintir. Nuair a shiubhail siad amach ansoin – an dá bhean shiubhail seisean amach in éinfheacht leóthab go ndeachaidh sé ag teach an tríomadh bean agus shiubhail sise amach freisin agus sgata dá muintir in éinfheacht léithi.

Shiubhaileadar leóthab annsoin nú go dtáinigeadar ag an gcúirt abhí acab. Nuair a chonnaic an sean fhear a’ teacht iad chaith sé scuab treasna sa doras. Nuair a tháinigeadar ag a gcúirt “an chéad bhean a d’iarr mise” adeir an fear ‘sí a chaithfheas a dhul isteach a dtosach.” Nuair a chuaidh sí isteach sé an nós a ndeachaidh sí dhe léim thar a’ scuab – dfága sí sa doras í. Tháinig an dárna bean ina diadh agus sé nós ar bhuail sí da cois í agus chuir sí sa mbealach í ní ba mhó na mar bhí sí a dtosach. A’ triomadh bean annsin nuair a chuaidh sí isteach bheannuigh sí sa doras agus níor tháinig sí bhfoisgeach dhá throigh do’n scuab gur chrom sí síos agus thóig sí í. Is deas an rud é” adeir sí “scuab a bheith sa doras. Niorbh áit aice é céibrí cé d’fhág ann í” agus leag sí an scuab anonn chois an bhalla.

Deir an sean fhear ansoin “is tusa bean mo mhic-sa go cinnt.” Chuir siad fios ar a sagart annsoin gur pósadh iad. Nuair a tháinig an sagart pósadh iad agus bhí bainis oidhche ‘s lá acab nach bhfeadhfhadh aon bhainis a bheit ní b’fhearr na í. Bhí muintir na mná agus

muintir na an dá bhean eile ann agus an dá bhean eile fhéin a caitheamh bainis oidhche agus lá le chuile rud dhá fheabhas.

Nuair abhí an bhainis thart d'ímtigh chuile dhuine agus bhí an-ómos ag an mbean dhon athair aríst go bhfuair sé bás níl baoghal a' baoghal a' bith nach mó an tómas abhí aici dho ná dá fear fhéin.

7.10.34